



Eleathanach 410



Dé Máirt, an 3 Bealtaine 2022

Lá an Domhain

Bhí Lá an Domhain á cheiliúradh le déanaí ar an 22 Aibreán. Is ócáid bhliantúil é seo. Thosaigh sé in 1970 chun aird daoine a dhíriú ar chúrsaí timpeallachta agus chun eolas a scaipeadh faoi théamh domhanda.

Is fadhb ollmhór é an téamh domhanda. Tá go leor rudaí simplí is féidir a dhéanamh, m.sh. bruscar a phiocadh suas, plandaí a chur sa talamh, iarracht a dhéanamh gan rudaí a bhfuil plaisteach orthu a cheannach, agus málaí siopadóireachta atá in-athúsáidte a thabhairt leat go dtí na siopaí.

Caithfidh gach duine iarracht a dhéanamh an fhadhb uafásach seo a réiteach agus todhchaí an Domhain a chosaint.

Laghdaigh,
Athúsáid agus
Athchúrsáil



Uachtarán na Fraince

An tseachtain seo, bhí toghchán ann don chéad uachtarán eile sa Fhrainc. Bhí Emmanuel Macron agus Marine Le Pen in iomaíocht le chéile. Ar deireadh, bhí an bua ag Macron.

Is é seo an dara tréimhse do Macron agus an dara huair i 20 bliain go bhfuil an t-uachtarán céanna ann don dara tréimhse.

Fuair Macron 58.6% de na vótaí. Bhí an toradh seo i bhfad níos cóngaraí ná mar a bhí sé in 2017.

Bhí go leor daoine sásta go raibh an bua ag Macron. Dúirt Macron 'ní bheidh aon duine fágtha ar thaobh an bhóthair'. Thaitin an teachtaireacht sin go mór le daoine.

Tuilte

Bhí tuilte san Afraic Theas ar an 15 Aibreán. Fuair 300 duine bás. Tharla na tuilte mar gheall ar bháisteach throm a bhí ann an tseachtain ar fad.

Bhí droichead, siopaí, agus níos mó ná 6,000 teach scriosta leis na tuilte. Is iad na soilsí tráchta an t-aon rud a bhí le feiceáil ar na bóithre mar go raibh an t-uisce an-domhain.

Cosnóidh sé timpeall \$2.6 milliún chun rudaí a shocrú tar éis na báistí. Beidh sé an-deacair teacht ar ais ón tubaiste seo agus glacfaidh sé a lán ama chun na foirgnimh a dheisiú.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilachta & Gaelscoláiochta

